Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 24 Meitheamh 2026**
**(OR. en)**

**10089/26**
**ADD 1**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0239 (COD)**

**COH 101**
**SOC 310**
**SAN 387**
**FIN 811**
**CADREFIN 261**
**POLGEN 146**
**CODEC 1087**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Ciste Sóisialta na hEorpa mar chuid de chreat na bPleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí a leagtar amach i Rialachán (AE) [maidir le Pleananna CNR], agus ar Ciste é lena mbunaítear coinníollacha maidir le tacaíocht ón Aontas d'fhostaíocht ardcháilíochta, scileanna agus cuimsiú sóisialta a chur chun feidhme le haghaidh na tréimhse ó 2028 go 2034<br>– *Cur chuige ginearálta páirteach*<br>= *Ráiteas ón Iodáil* |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, ráiteas ón Iodáil atá le cur isteach i miontuairiscí na Comhairle.

# RÁITEAS ÓN IODÁIL

Gabhann an Iodáil buíochas le hUachtaránacht na Cipire ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh as an dianobair a rinneadh ar na tograí le haghaidh rialacháin a bhaineann le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus leis an gCiste Comhtháthaithe, lena n-áirítear Interreg, agus Ciste Sóisialta na hEorpa. Aithnímid an dul chun cinn suntasach a rinneadh le linn na caibidlíochta agus is mór againn na feabhsuithe a tugadh isteach sna téacsanna comhréitigh.

Go háirithe, i ndáil leis an Rialachán maidir le CFRE/an Ciste Comhtháthaithe, is díol mór sásaimh don Iodáil gur cuireadh isteach an t-airteagal maidir leis an 'ceart fanachta' a mhol an Iodáil agus arb é is aidhm dó – i gcomhréir leis an Straitéis atá á cur chun cinn ag an Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin Fitto – tarraingteacht na gcríoch, rochtain ar sheirbhísí bunriachtanacha, nascacht, agus na cúinsí lena gcuirtear ar chumas daoine fanacht i limistéir níos leochailí a neartú. Is dearfach ár measúnú freisin ar neartú na bhforálacha maidir le tacaíocht do limistéir faoi mhíbhuntáiste, don nuálaíocht réigiúnach agus don chlaochlú réigiúnach, agus don fhorbairt uirbeach inbhuanaithe, chomh maith le haistriú na bhforálacha a bhaineann le Interreg ón Rialachán ginearálta maidir le Pleananna CNR go dtí an Rialachán earnála maidir le CFRE/an Ciste Comhtháthaithe, le léiriú níos mionsonraithe lenar féidir aitheantas níos fearr a thabhairt do chineál sonrach an chomhair chríochaigh Eorpaigh.

Maidir le Rialachán CSE, is díol sásaimh dúinn neartú na tacaíochta don aistriú déimeagrafach agus sonrú níos soiléire ar rannchuidiú an Chiste le cuspóirí a bhaineann le fostaíocht ardcháilíochta, scileanna, oideachas agus oiliúint, cuimsiú sóisialta, an comhrac i gcoinne na bochtaineachta, agus rochtain ar sheirbhísí.

Ag an am céanna, cuireann an Iodáil in iúl go bhfuil amhras uirthi faoi ghnéithe áirithe de na téacsanna reachtacha atá á bhformheas.

Ar an gcéad dul síos, ní dhéanann na rialacháin earnála raon feidhme idirghabhála chistí an bheartais chomhtháthaithe a shonrú go leordhóthanach fós, ná ní shonraítear an ghné sin go soiléir sa Rialachán maidir le Pleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnacha, cé go sainítear misean na gCistí sin le CFAE. Is measa fós é sin toisc nach bhfuil leithdháileadh airgeadais tiomnaithe ann don Bheartas Comhtháthaithe ná dá Chistí. I ndáil leis an méid sin, níor glacadh leis an moladh ón Iodáil iarscríbhinn earnála a chur isteach lena sainaithnítear na réimsí idirghabhála agus na táscairí ábhartha do CFRE, Interreg agus CSE. Neartódh an ionstraim sin deimhneacht dhlíthiúil, soiléireacht clársceidealaithe, agus infheictheacht na gcistí.

Ar an dara dul síos, meastar gur cheart forbairt na gceart bunúsach agus cur chun cinn an smachta reachta a bheith ina bprionsabal cothrománach seachas ina réimsí idirghabhála le haghaidh Chistí an Bheartais Comhtháthaithe.

Ar an tríú dul síos, ní dhéantar foráil i Rialachán CSE maidir le tacaíocht a thabhairt d'idirghabhálacha cúnaimh theicniúil, mar a tharla i gcónaí i gclárthréimhsí roimhe seo. Tá an rogha sin, atá beartaithe do CFRE, fíor-riachtanach chun clársceidealú agus cur chun feidhme éifeachtach idirghabhálacha a áirithiú i réimsí na fostaíochta, na scileanna, an chuimsithe shóisialta, agus na seirbhísí sóisialta, sláinte, oideachais agus oiliúna.

Leanfaidh an Iodáil de bheith rannpháirteach ar bhealach cuiditheach sa phróiseas reachtach, agus é d'aidhm aici comhleanúnachas na rialachán earnála a neartú, céannacht chistí an bheartais comhtháthaithe a chaomhnú, agus creat clársceidealaithe soiléir comhréireach, atá go hiomlán comhsheasmhach leis na cuspóirí a leagtar síos in CFAE, a áirithiú.